

AN BHEAN A RAIBH FUIL BHRUCACH INNTE.

Fear mór le rádh fear uasal a phós bean uasal. Bhí siad pósta sgathamh agus tháinig an bhean chó fada le na mháthair a rádh go raibh sí ag imtheacht le fear eile ó na fear féin.

“Ní cóir duit é sin a dhéanamh” adeir an mháthair. Níl fhios agat cén intinn atá ag an bhfear sin. B’fhéidir gurbh é do mharbhú a dhéanfadh sé.”

“Ní mharbhóchaidh” adeir an inghean, “níl sé a fágháil locht ar thada dá bhfuil mé a dhéanamh.”

“B’fhéidir nach rinne tú tada fós a bhfuigheadh sé aon locht air ach i mbárach nuair a imtheochas sé dógh an sgioból go bhfeicidh tú an bhfuighidh sé aon locht ort.”

D’imthigh léithe annsin agus nuair a d’imigh an fear lár na bhárach dhógh sí an sgioból. Nuair a tháinig an fear abhaile

san oidhche chonnaic sé an sgioból dóighte. “Cé dhógh an sgioból?” adeir sé. “Dhógh mise é” adeir sí. “Is maith an bhean thú” adeir sé.

“Más maith nó mara maith dhógh mé é,” adeir sí.

“Nach bhfuil fhios agat go rinne tú é sin ort fhéin chó maith is rinne tú orm-sa é” adeir sé.

“Ní rinne mé” adeir sí.

Níor labhair sé sin níos mó léithe. Nuair a d’imthigh an fear amach lá ar na bhárach ghabh sí có fada leis an máthair.

“Dhóghas an sgioból adeir sí ach níl aon locht le fágháil orm faoi rud ar bith a dhéanas mé. Níl sé ag iarraidh comhairle ar bith a chur orm. Tá cead agam mo rogha rud a dhéanamh agus ní fhanfaidh mé aige.”

“M’anam nach bhfuil aon mhaith dhuit bheith a cainnt go gcuirfidh tú fearg eicint thairis sin air,” adeir an mháthair. “Nuair a thioctas sé isteach anocht beidh an chú aige. Níl rud ar bith is mó a chuirfeadh fearg air ná dochar a dhéanamh don chú. Nuair a thioctas an chú isteach tabhair rud le nithe dí i riocht is go dtiubhraidh tú i n-aice leat í. Nuair a shuidhfeas sí ar an urlár fágh an tuaigh agus bain an t-earball di. Mara gcuirfidh sé sin fearg air ní chuirfidh rud ar bith fearg air, agus tiocfaidh tú chugam sa i mbárach go bheicidh mé an mbéidh aon fhearg air.”

Bhí go maith, nuair a tháinig a fear isteach tráthnóna leag sí dinnéar anuas aige agus níor dhearmad si dinnear a leagan ag an gcú i riocht is go bhfuigheadh sí deis uirthé. Ar an bpointe is a leag an chú drioball ar an urlár bhí an drioball sguabtha dí aice leis an tuagh.

"Caithfidh sé go bhfuil rud éicín ar t'inntinn nach bhfuil ceart" adeir an fear nuair a rinne tú é sin ar an gcú. B'fhearr liom fiche sgioból bheith dóighte" adeir sé "ná an chú sin a bheith ó rath orm. Níl aon chor innte nuair atá an drioball bainnte di, mo choileán breágh."

"Ó, is cuma liom tú féin agus do choileán adeir sí. "Creidim gur cuma" adeir sé. "Beidh glac mór daoine uaisle annseo agam ag dinnéar i mbárach" adeir sé. "Tá cuireadh chun dinnéar i mbárach curtha amach agam agus tá sé chó maith dhuit gan rud ar bith a bheith ar t'inntinn" adeir sé, "go mbeidh an dinnéar thart." "Níl tada ar m'inntinn," adeir sí, "agus ná bí dhá shamhailt liom. Tuige a dtáinig sé i mo bhealach."

Ar an bpointe boise is d'éirigh sí ar maidin ghabh sí chó fada leis an máthair. "Bhain tú an drioball don chú?" adeir an mháthair. "Bhaineas," adeir sí. "Céard dubhairt sé?" adeir an mháthair. "Níor dhubhairt sí tada ach go bhfuil rud eicín ar m'inntinn." "Creidim nár dhubhairt sé bréag," adeir an mháthair. "Ach tá sé rádh go mbeidh daoine uaisle ag dinnéar indiu aige," adeir an inghean. "Má tá," adeir an mháthair, "feidfidh tú an gcuirfidh tú fearg air. Nuair a bhéas an bord leagtha anuas agat agus chuile rud air agat, agus na daoine móra timcheall a'bhuid cuir biorán i do ghúna agus i gcoirnéal an éadach cláir. Siubhail amach ón mbord i riocht is go dtuga tú leat é agus na greithe agus an biadh, agus chuile rud a bhéas air, mara gcuirfidh an méid sin fearg air níl aon dochar do rogha rud a dhéanamh." D'imthigh léithe, nuair a bhí an bord sin gléasta agus chuile rud air, agus na daoine móra suidhte ag an mbord, cuireann sí biorán mór láidir i na gúna agus ins an éadach cláir. Tugann sí iompó breágh teann amach ón mbord i riocht is go dtugann sí an t-éadach cláir agus chuile rud dá raibh air amach ar an urlár.

Bhí dreatháir dí féin istigh a bhí ina dhochtúir agus dochtúr eile.

"A' bhfeiceann sibh é sin?" adeir an fear. "Dhógh sí sin an sgioból tá cupla lá ó shoin, ba chuma liom é sin," adeir sé "ach bhain sí an driobal den chú nach dtiubhrainn ar airgead ar bith, bhí sí chó maith sin."

"Tá an iomarca fola innte sin" adeir an dochtúir nach raibh gaol aige léithe. "Níl" adeir a dreatháir féin, "ach tá fuil ro-bhrucach innte agus bhainfear aiste anois" adeir sé.

Dubhairt an fear a baint agus "bainidh cuid mhaith aiste" adeir sé agus bhainidh an diabhlaidheacht as a corp."

Ceangluigheadh annsin í i riocht is nár fhéad sí cor a chur aiste is gur sgaoileadh cuisle innte i riocht is go raibh a' cur fola go raibh sí sáthach lag i bhfuil. Cuireadh caoi annsin uirthé agus níorbh fhada go raibh sí ar fud an tighe arís. Uair ar bith a labhruigheadh a fear léithe ní ba mhó, bhí sí múinte lághach leis. I gceann míosa ó lá an dinnéar tháinig an mháthair isteach aice. D'fhiafruigh sí dí cé chaoi a raibh sí. "Tá mé rí-cheart adeir an inghean, "bhí mé a'cainnt leis an bhfear sin indiu a raibh tú a ceapadh go n-imtheochá leis. Bhí sí a fiafruighe díom céard a dhéanfá." "Ná cainntigh liom arís go bráthach air sin" adeir sí, "ná ar rud ar bith dá shórt." "Míle buidheachtas le Dia," adeir an mháthair, "sin é an chaoi is fearr liomsa."